

## **MAOIRSEACHT SCOILE**

Tá sé tabhacht **maoirseacht éifeachtach** a dhéanamh go laethúil ar na páistí. Tá ceangal idir é agus **Cód Smachta na scoile**.

### **TÚS AGUS I RITH NA BLIANA**

1. Moltar do gach oide a rang a thogáil amach ar an **SPÁS SÚGARTHA** agus **RIALACHA AN CHLOIS SÚGARTHA** a thaispeaint agus a mhiniú. Tá an-ghá le aitrís agus athrá ionas go bhfuil gach duine ar an eolas.
2. Ní ghlacfar ariamh le drochiompar, troid, maistíneacht, ná briseadh rialacha na scoile ar an gclós súgartha.
3. Moltar na páistí a spreagadh le cluichí a imirt le linn an ama sin ionas go mbainfear taithneamh agus tairbhe as na sosanna, le cosc a chur le troideanna...
4. Is ceart ag tús na bliana stór cluichí (10), a phleanáil agus a mhúineadh sa rang corpoideachais chuige seo.
5. Is ceart stór cluichí boird a bhailliú i ngach rang do na laethanta fliucha.
6. Tá cearta ag gach páiste súgradh ar an gclós go cothrom lena chéile.
7. Mínítear do gach rang conas an leitreas a úsáid, agus go bhfuil cead na leitreasí sna seomraí réamhdhéanta a úsáid mar is cóir.
8. Mínítear dóibh go gcaithfear siúl isteach chuig na seomraí, nuair a bhuailtear an cloigín láimhe.....báisteach trom/cuairteoir uasal!

### **AM SOSA 11:00-11:10**

1. **Tugtar lóin do na páistí ag 11:50 sa rang. Itear/Óltar/Glantar**
2. Siúlann na páistí amach chuig an spás ceart i líne le cóta i ndrochaimsir, agus gan geansaí/culaith reatha san aimsir mhaith.
3. Bíonn liathróid peile ag rang na Naíonáin Shóisir agus Shinsir.
4. Bíonn liathróid cispheile ag Rang 4/5 (1/2 an chúirt)
5. Cuirtear aon pháiste gortaithe isteach chuig seomra ranga 11 le oide.
6. Cuirtear páiste trioblóideach/fadhbanna ina seasamh ag an mballa/seomra 11.(sos)
7. Siúlann na hoidí ar dhualgas timpeall an chlois an tam ar fad, ag ceartú, éisteach, réiteach agus ag socrú. m.s. Níl cead luascadh ar na barraí. Ní féidir leat liathróid a fháil gan cead. Níl cead siúl ar na carraigreacha. Níl cead rith amach ar an gcarr-clós chun liathróid a fháil gan cead. Níl cead rith taobh thiar de na seomraí réamh-dheanta.....
8. Buailtear an cloigín ag 11:10.
9. Siúltar go dtí an líne ranga ar an tarmac.
10. Séidtear an fheadóg, meara ar na beola, agus ciúnas sna líntí.
11. Cuirtear isteach na Ranganna ag tosnú le 1, 4/5,1, 5/6, 3, 2, Naí Pádraig, Naíonáin Máire, Naíonáin Cristín, Naíonáin Nóirín.
12. Siúltar isteach go ciúin agus go mall duine ar dhuine, gan bhrú, gan dul thar éinne.
13. Cuirtear i gcuimhne do gach rang suí síos sa rang go beasúil.
14. Is é lón sláintiúil ár bpolasaí. Tugtar abhaile an lón atá fágtha sa bhosca lóin, mar eolas do thuistí faoin mhéid ata ite/stop a chur le luchóga!
15. Bailítear craiceann agus fuilleach ó na torthaí ó ghach rang do Athrothlú, agus tagann páiste ó rang 4/5 chun an bháisín a bhailliú go laethúil.

**AM LÓIN:12:30-1:00 Aimsir Bhreá/Gach Páiste ar an gClós ar Spás a Ranga.**

**Níl cead ag páistí siúl ar an bhféar.**

1. Tugtar lóin do na páiste ag 12:20 sa rang. Itear/óltar/glantar+14+15.
2. Buailtear an clog ag 12:30.
3. Siúltar amach go ciúin agus go mall go dtí an spás súgartha,GAN RITH.
4. **Bíonn liathróid peile amháin ag Rang Naí-6. Caithfidh ranganna bheith ar aire faoi na Naíonáin. Caithfear cispheil amháin a imirt ar an gcúirt cispheile. I gcás go nardítear an liathróid den tarmac, agus go bhfuil sé de shíor ag dul lasmuigh den gheata bainfear an liathróid den rang ar mhaithe le sabháilteacht. Níl cead ag ranganna an liathróid a leanacht ó spás amháin go spás rang eile, caithfear smacht a choinneáil ar an liathróid nó caillfear é.**

5. Bíonn Rialacha ann, m.s., STOP AN LIATHRÓID/AN BHFUIL CEAD AGAM AN LIATHRÓID A FHAIL?...An bhfuil tú ceart go leor?...Gabh mo léithscéil.

6. Uimhir 5+6+7 mar atá ag AM SOSA.

7. Buailtear an clog ag 1:00.

8. Uimhir 9+ 10+11+12+13. **\*Cuirtear aon pháiste atá gortaithe go dtí seomra 11 le oide/cúntoir ranga chun cúram agus garchabhair a thabhairt. Leantar an polasaí garchabhair, agus cuirtear tuistí ar an eolas, más ghá, nó nóta/glaoch abhaile más ghá, agus cuirtear nóta sa Leabhar na dTimpistí/Cistin.**

**\*Cuirtear aon pháiste abhaile atá tinn, agus go héisceachtúil go dtí an halla seomra 11 le cóta, má tá fíor-ghá, mar níl cead ag páiste bheith istigh i halla/seomra ranga leo féin. Bíonn nóta ó na tuistí faoin tinneas éisceachtúil seo.**

**AN OIDE AR FÉITHEOIREACTH**

Is ceart do gach oide féachaint chuige:

1. go mbíonn gach páiste ag súgradh/rang féin/amach ó na crainnte/cosc ar chúl na scoile/na cosáin a úsáid, agus cluichí a spreagadh le tacaíocht ó ghach oide ar an bhfoireann. (10-15 cluichí i nGaeilge i rith na bliana/rang).
2. go mbíonn stop/deireadh curtha le pleicíocht/dáinséar/troid tré sos a thabhairt do na páiste sin ag an mballa. (Am Saor)
3. go mbíonn aire tugtha do pháiste gortaithe, ag oide amháin chuig seomra 11 ag 11:00, agus chuig an seomra 11 ag 12:30. (Amach/Isteach)
4. go mbíonn Leabhar na dTimpistí/cistin líonta, agus i gcás drochthimpiste comhairle a lorg, tuistí a chur ar an eolas, agus socrú a dhéanamh an pháiste a chur chuig an tospideál. Má tá aon amhras ar dhuine, is ceart na tuistí a chur ar an eolas tré guthán, tré nóta sa mhála, ag brath ar an timpiste. **Is cóir cúram reasúnta a thabhairt, agus comhairle a lorg ó aon oide eile atá ar an bhfoireann.**
5. I gcás go bhfuil gearáin ag páiste/oide/tuiste is cóir éisteacht agus fiosrú más ghá, agus an oide ranga/príomhoide a chur ar an eolas tar éis an fhéitheoireacht.
6. I gcás go bhfuil pleicíocht/maistíneacht leanúnach ar siúl is cóir go mbeadh gach oide ar an bhfoireann ar an eolas. Is cóir tuistí a chur ar an eolas/Dialann scoile/Litir Abhaile/Coinneáil Lóin/Gutháin ag brath ar aois/rang/gníomh a tharla. **Is cóir fiosruithe seo a dhéanamh go cúramach, sula socraítear ar eolas a roinnt, agus bheith cinnte go bhfuil gearáin ann agus fírinne faighte.**

## **ROTA FÉITHEOIREACHTA**

1. Ag tús na scoilbhliana cuireann an fhoireann in iúl a rogha maidir leis an Rota, agus sínítear conradh de réir Rialacha na Roinne.
2. Déantar an obair seo de réir polasaithe Maoirseachta, Smachta agus Maistíneacht na scoile a chur i bhfeidhm.
3. Socraíonn an phríomhoide ionaid an rota.
4. Bíonn LÁ AMHÁIN don fhoireann de réir an líosta sinséarachta, agus beirt oidí ag gach sos agus lón.
5. Bíonn an chéad sos o 11:00-11:10, agus an dara ceann ó 12:30-1:00.
6. Is cóir do gach duine páirteach bheith poncúil.
7. I gcás go bhfuil oide ar ghnó scoile, snámh/spoirt/cluiche, ní ghá dóibh a lá féin a chlúdú, ach é a réiteach leis an oide in aice leat ar an líosta in am, agus é a rá leis an bpríomhoide ionaid.
8. I gcás go bhfuil an oide tinn, leanann an rota ar aghaidh.
9. I gcás go bhfuil oide ag iarraidh lá a athrú le oide eile, is féidir, ach é a rá leis an fhoireann.
10. Is féidir leis an oide lóin a thógáil 10 noiméad roimh/tar éis féitheoireacht, ach go mbeadh an oide taobh leat ar an eolas leis an doras den ranga oscailte, chun súil a choinneáil isteach ar an rang sin.
11. Ar mhaithe leis an bord sa seomra foirne agus an cúntar sa chistin a choinneáil glan, déantar é ar an rota céanna. Níonn gach duine a greithre féin
12. Tacaíonn gach oide leis an polasaí seo, ar mhaithe le gach duine ar an bhfoireann.

### **AIMSIR MHAITH**

### **AN FÉAR Bíonn gach páiste thuas ar anbhféar/thíos**

AN LUAN	RANG 1
AN MHÁIRT	RANG 2
AN CHÉADAOIN	RANG 3+4
DEARDAOIN	RANG5
AOINE	RANG 6

### **AN SEOMRA FOIRNE**

1. Ní ceart go gcuirfear isteach ar am lóin nó sosa an fhoireann.
2. Níl cead ag páiste bualadh ar an doras, ach i gcás phráinn. Is cóir labhairt leis an oide ar fhéitheoireachta.
3. Tá sos tuillte ag gach duine, agus is cóir go mbeadh sos ann le taitheamh a bhaint as an ama seo.
4. Is cóir don fhoireann iomlán cloí le na hamantaí atá leagtha amach, ar mhaithe le gach duine.

## **DROCHAIMSIR: Gach páiste istigh sa rang, ach seomra 9+10 sa Halla.**

**Caithfidh gach páiste suí síos ar an gcathaoir, ag súgradh le cluichí boird.  
Ní ghlacfar le rith timpeall an seomra ranga, pleicíocht sna leithreísí, caitheamh earraí scoile thart, nó le haon drochiompair eile.**

1. Rachaidh an oide ar féitheoireacht chuig oifig an rúnaí le scéal a fhógairt go mbeidh na gasúr ag fanacht istigh.
2. Beidh an oide ag siúl timpeall ó sheomra go seomra.
3. Ar mhaithe le slándáil, cuirfear páistí sa halla chun aire a thabhairt más ghá.
4. Bíodh doirse na seomraí ranga oscailte, chomh maithe le doirsí an halla.
5. Moltar do gach oide ranga cluichí boird go bhfuil suim ag na páistí iontu a fháil isteach ar iasacht uathu.
6. Ceadfar do ranganna ó na seomraí réamhdhéanta suí le chéile le cluichí boird a imirt sa halla.

**AIMSIR AG ATHRÚ:** Buailtear an clog, agus iarrtar ar pháistí dul isteach/teacht amach i líne le timpistí a sheachaint.

## **CAIRDE CUIDEACHTA**

Scaoiltear beirt páistí ó Rang 6 isteach chuig ranganna na Naíonáin do am sosa. Bíonn said ag caint, ag cabhrú, agus ag tabhairt cúnaimh do na páistí óga.

### **AM TIONÓIL                      8:50                      GACH MAIDIN**

1. Is féidir le na páiste bailliú i líne lasmuigh de na doirse.
2. Osclaítear na doirse ag 8:50.
3. Siúltar isteach i línte.
4. Is cóir do gach duine bheith in am gach maidin.
5. Iarrtar ar na gasúr na dallóga a oscailt, na soilsí a lasadh, na cathaoireacha a thógáil síos ar an urlár, agus suí go ciúin.
6. Bíonn gach oide ranga sa rang ag 9:00.

### **AM SCOIR                              1:30**

1. Bíodh 5 nóimead caite ag socrú an seomra ranga, cathaoireacha ar na boirdeacha, bruscar á mbailliú, srl.
2. Cuirtear na páistí i líne le cóta, mála, bosca lóin leo, duine ar dhuine, grúpa ar ghrúpa. Scaoiltear páistí don bhus sa chéad áit/de réir am an bhus/eile.
3. Buailtear an clog, agus scaoiltear amach na páistí go dtí pointe bailliúcháin.
4. Is cóir iad a choinneáil le chéile i líne an ranga go dtí go mbaillítear iad.
5. Moltar do Thuistí/Feighlí bheith in am. Mura bhfuil caithfear dul i dteangbháil leo tríd an bhfón.
6. Is fearr go mbeidh múinteoirí naíonáin leo, go Saoire na Samhna ar a laghad, ionas gur féidir bheith muiníneach astu le aithne a chur ar na bealaí abhaile atá mar socrú ag tuistí/feighlí.
7. Cuireann na páistí aithne ar a bhus féin agus téann said chuige go mall.
8. I gcás go bhfuil páiste fágtha, is fearr don oide ranga glaoch a chur ar thuistí, agus iarrtar orthu bheith in am.

9. Is féidir Naíonáin Shóisir a bhailliú ag tús na scoile, agus na Naíonain Shinsir a bhailliú ag geata siopa na rothair.

## **AM SCOIR                    2:30**

1. Uimhreacha 1+2+3 mar atá ag am scóir 1:30.
2. Iarrtar ar pháistí atá ag súil abhaile/ag dul ar rothar, imeacht ar aghaidh go gasta. Is cóir comhairle a thabhairt do ghasúr bheith ar aire faoi stráinséirí/siúl abhaile i grúpa beag/gan a bheith ag troid/scéal a thabhairt sa bhaile /scoil má tá said buartha faoi aon eachtra.
3. Níl cead ag aon pháiste bheith ag súgradh timpeall na scoile leo féin tar éis na scoile.
4. Tá cead ag páiste atá páirteach in imeachtaí scoile AMHAIN fanacht tar éis na scoile go dtí 3:30, nuair atá sé thart, agus iarrtar ar na páistí sin dul abhaile ar an bpointe.
5. Iarrtar ar pháistí atá ag dul abhaile ar bhus bheith réidh agus dul san áit ceart ag an am ceart.
6. Is fearr fanacht taobh istigh de ballaí na scoile go dtí go dtagann an bhus.
7. Níl cead bheith ag pleicíocht ar an mbóthar, ná cuir isteach ar ár gcomharsain.
8. Caithfear Rialacha ar an mBus Scoile a leanacht, suí síos ar an mbus, gan brú, ná screadáil, ná tarraingt, ná léim, ná troid, ná drochbheasaí a thabhairt ar an mbus.
9. Bíonn fíis le feiceáil gach bliain sa scoil faoin sabháilteacht.

## **TEACHT LE CHÉILE                    GACH LUAN**

1. Bíonn tionóil gach seachtain.
2. Bíonn Paidreacha/Iomainn/Rialacha na scoile/an Ghaeilge/Cairde Cuideachta/Athrothlú/Leabhar Rolla /Eolas na Seachtaine/Dea-Scéalta na scoile curtha os comhair páistí agus an fhoireann.
3. Deich nóiméad....Tosnú 9:00-9:10.

## **DAOINE MALLA**

1. I gcás go bhfuil daoine mall, is fearr labhairt leo go beasúil i dtús báire, lena aire a dhiriú air, agus le seans a thabhairt dóibh an scéal a thabhairt.
2. Ar an dara uaire, is fearr moladh a thabhairt ar mhaithe leis an oide/páiste/scoil is fearr bheith poncúil, agus deá-nos a thosnú.
3. Ar an triú uaire, is cóir litir foirmálta a sheoladh abhaile.
4. Is cóir nóta a choinneáil.